

'Do Shláinte thar Muir'

Liam Mac Peaircín

Dán é 'Céad slán dos na cnoic thá ar ardghleannta an tsuilt!' a leagtar ar 'Father Conory of Bansha when at College abroad,' i gcúpla lámhscríbhinn Ghaeilge ón 19ú haois. Agus Risteárd Ó Foghludha (1945, 205) á chur i gcló sa bhliain 1945, scríobh sé mar réamhrá leis:

Níl againn dá chumadóireacht acht an t-aon aiste amháin, agus ar an Mhór-roinn do ceapadh san. Insan aiste seo tá tagairt aige do Ghleann Eatharla, Tiobraid Árann, Cnoc na Coradh, agus Lios na nGall, áiteanna 'san cheanntar chéadna. Buailte le Leath-dionn tá Baile 'ic Conraoi, agus is cosmhail gurab é Mac Conraoi an fhoirm cheart ar a shloinne. Tá ráidhte go raibh sé ina shagart paróiste ar an mBáinsigh tuairim na bliadhna, 1766.

Céad slán dos na cnoic Fonn 'Éamonn an Chnoic' Father Conory

1

Céad slán dos na cnoic thá ar ardghleannta an tsuilt!

Slán chughatsa a Thiobraid Árann,

Slán chun mo chumainn thá i gCnoc na gCurra!

Slán agus fiche don stáidbhean.

4

Nó go dtráfaidh an tuile thá idir thú agus mise

Grá a bheidh agam i gcomhad duit.

Sláinte agus fiche, líontar dhom gloine

Do shláinte thar muir go n-ólfad

8

2

Slán don dá Uilliam tá 'crá-ghol im dhiaidh,

Slán chughatsa siar, a Phádraig,

Slán chun mo rún atá i Lios na nGall,

Slán chun na mbriathra cárthain

12

Thá do shláinte-se, Uí Bhriain, idir lámh 'gam le bliain

Gach lá 'cur grianta i ngrá dhom,

Slán feasta óm chliabh chun sárfhear na gcliar,

Ó fhágann sé an tSiúir don mBáinse.

16

3

Cá bhfágfainnse Pilib, slán chughat thar uisce,
 Slán chun tuilleadh dár gcomharsain,
 Slán don Mhumhain, is chun Seáin de Búrc,
 Slán go dlúth dá chéile. 20

Tá mo shláinte go fann ó tháinig mé anall
 's ní thráchtaim ar am na búise,
 Ó chaill mé mo shúil, mo shláinte is mo lúth,
 Céad slán do na lionnta Bríde! 24

Foinsí

Acadamh Ríoga na hÉireann. 23 E 1: 155. Lámhscríbhinn ón 19ú hAois, a bhí i seilbh James Hardiman. (E)
 Ac. R. É. 23 F 22: 70. Scríobhaí anaithnid eile san 19ú hAois. Cuireadh an lámhscríbhinn le chéile do James
 Hardiman, is costúil. (F)
 I gcló ag Ó Foghludha (1945), 205-6. (Ó)

Ceannteidil

The Complaint of Father Conory of Banshe when at College abroad. Fonn. Emonn an cnoic. Trans. GI69. E
 No. 46 The Complaint of Father Conory of Bansha when at College abroad. Trans GI69. Ar fonn c-na. F
 Ó Mhór-roinn na hEorpa go dtí n-a chaired ag an mBáinsigh, Co. Thiobraid Árann, insane ochtmhadh céad déag.
 Ó

Léamha

I do na E ta E árd-ghleanna Ó 3 a-g-cnoc na curra! E gnuc na curra! F i gCnoc na Coradh Ó 4 do an E an F 6 i
 gcomhad Ó 7 dáiltear Ó 8 ngolfúid F
 9 Liam Ó dhom F 13 Ta E Tá Ó a Bhriain Ó lámha Ó 14 cuir F 16 d-fhágghan E dfagan F
 17 bh-fhágfainn-se E bhfácuinnse F bhfágainn-se Ó 18 ar E air F 19 uaim Ó Seáin ghil Ó 20 nóchar Ó 21 tháine Ó
 22 baoise Ó 23 lúch F24 leanta EF

Nótaí

3 Cnoc na gCurra. Scríobh Ó Foghludha (1945, 363): 'Cnoc a Chorra .i. i bpar. Chill Seáin, i mbarúntacht Chlann
 Uilliam.'

11 Lios na nGall. Scríobh Ó Foghludha (1945, 363): 'Lios na nGall .i. baile fearainn i bpar. Cordaingín, lámh le
 baile Thiobraid Árann.' Féach freisin Ó Cearbhail (2004), 98.

24 lionnta Bríde. Scríobh Ó Foghludha (1945, 363): 'leannta Bríde – is cosmhail gur nós éigin a bhíodh aca i
 gcomhair lá fhéile Bríde atá i gceist.'

Faightear aistriúchán go Béarla ar an dán úd chomh maith i lámhscríbhinn de chuid an bhailitheora James
 Hardiman (Túinléigh 1956, 47-).

The Complaint of Father Conory

1

A hundred farewells to the hills oer the valleys of delight,
 Farewell to thee, Tipperary.
 Farewell to my dear who is in Cnoc na Curra
 And twenty farewells to that stately woman
 Until the deep that divides us runs dry,
 I shall love at all times
 Twenty farewells come fill me a glass,
 I shall drink to you health beyond the sea.

2

Farewell to the two Williams who are in grief after me,
Farewell to thee in the west, Patrick,
Farewell to my love in Liss na Gall.

O'Brian, your health is in my hands this year past
Farewell in future from my heart to the excellent priest,
Since he left the Suir and Bainshe.

3

Shall I omit Philip? Farewell to you oer the water,
Farewell to all our neighbours
Farewell to Munster, and to John Bourke
Farewell to his wife.
My health is low since I came abroad,
And I don't speak of boozing
Since I have lost my hope, my health and my strength,
A hundred farewells to –

Foinse

Ac. R. É. 23 G 15: 169. Scriobhaí anaithnid ar lámhscríbhinn ón 19ú hAois. Lámhscríbhinn (G) de chuid Hardiman.

Liosta Leabhar

Ó Cearbhaill, Pádraig eag.: *Liostaí Logainmneacha, Tiobraid Árann, Tipperary* (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath 2004), 98.

Ó Foghludha, Risteárd: *Mil na hÉigse, Duanaire i gComhair an Árd-Teastais*, (Brún agus Ó Nualláin Teórantá, Baile Átha Cliath 1945), 205.

Túinléigh, Críostóir: 'Séamas Ó hArgadáin, (1782-1855)', *Galvia* 3 (1956), 47-61.

References

'Féach, Críostóir Túinléigh (1956). Mo bhuíochas leis an Dr. Úna Nic Éinrí a léigh dréacht an ailt dom